Carlow Historical & Archaeological Society

BOARD OF CARLOW COUNTY MUSEUM

Iarsmalann Chontae Cheatharlocha

3rd ANNUAL REPORT 2009

Cumann Lúit-Cleas Gaedeal

CLÁR OIFIGEAMAIL

ALL-IRELAND FOOTBALL CHAMPIONSHIP SEMI-FINAL

I bPáirc an Chrócaigh,
27 – 8 – 1944

CEATHARLACH
v.
CIARRAIDHE

AR A 3.30 A CLOS

Luach - 2p

Pádraig Ó Caoimh
Rúnaidhe.

Cló-Oifig Uí Caoimh, Cra., Baile Átha Cliath.

CUMANN LÚIT-CLEAS GAEDEAL

ALL-IRELAND FOOTBALL
SEMI- FINAL

KERRY versus CARLOW

AT
CROKE PARK
ON
Sunday, 27th August, 1944

PROGRAMMES 2d. EACH

December 2009

Carlow County Museum

Members of the Board of Carlow County Museum

Carlow Town Council Members:
Cllr. John Cassin, Cllr. Rody Kelly & Cllr. Walter Lacey

Carlow Historical & Archaeological Society Members:
Mr. Seamus Murphy, Mr. Martin Nevin (Chairman)
& Mrs Noreen Whelan

County Manager's Nominee:
Mr. Joe Watters, Town Clerk

Secretary to the Board:
Mr. Dermot Mulligan, Museum Curator

LOCAL AUTHORITY MUSEUMS' NETWORK

Member of the Local Authority Museums' Network (L.A.M.N)

Front Cover: Photographs of the cover of the two 1944 All Ireland Football Semi Final Match Programmes acquired by Carlow County Museum with the assistance of Carlow Town Council, Coiste Chontae Ceatharloch C.L.G., Friends of Carlow GAA & the Carlow Historical & Archaeological Society

Museum Board:

This is the third Annual Report of the Board of Carlow County Museum. The Board consists of seven members, three Members of Carlow Town Council, three representatives of the Carlow Historical & Archaeological Society (CHAS) and a County Manager's nominee. The Curator of Carlow County Museum acts as Secretary to the Board.

The Board met on three occasions during 2009. The Chairperson is chosen from the three Members of the Town Council and the three CHAS representatives. As agreed the position of Chairperson alternates on an annual basis between the Members of the Town Council and the CHAS representatives. At the 2008 AGM Martin Nevin was elected Chairperson.

New Museum Premises:

Construction of the new County Museum will commence in March 2010 with a ten month construction period.

The construction design team is

Structural Engineers:	Bowe Consulting Engineers, Carlow Town
Quantity Surveyors:	McCullagh, Lupton, Quinn, Kilkenny City
Mechanical & Electrical:	Doyle Environmental, Ullard, via Borris

Ten (10) companies were shortlisted for the main contract and closing date for tenders is 5th February 2010.

The Mechanical contract and the Electrical contracts were tendered separately and contractors will be on site with the main contractor.

The National Museum of Ireland and Fáilte Ireland will partner Carlow Local Authorities in the operation of the County Museum. The Director of the National Museum may designate County Museums for the collection and display of archaeological material/finds and, significantly, when the Carlow County Museum opens archaeological artifacts found in County Carlow will be displayed in Carlow. In relation to Fáilte Ireland arrangements are in place whereby the Tourist Information Office will function as the Museum reception.

Local Authority Museums Network Day 2009

Thursday 21st May was the first Local Authority Museums Network (LAMN) Day. Centrepiece of the Carlow County Museum display was the 1944 All Ireland Football Semi-Final Match Programme between Carlow and Kerry. The 1944 Match Programmes (official & unofficial) were acquired by Carlow County Museum with the generous assistance of Carlow Town Council, Coiste Chontae Ceatharloch C.L.G., Friends of Carlow GAA & the Carlow Historical & Archaeological Society.

Photograph: John Courtney Photography

Cllr. Tom O'Neill, Cathaoirleach of Carlow Town Council presenting Pat Deering, Cathaoirelach Coiste Chontae Ceatharloch C.L.G. a framed copy of the 1944 All Ireland Football Semi Final. Also present (L to R) Joe Watters, Town Clerk; Dan Carbery, President CHAS; Martin Nevin, Chairperson of the Museum Board, Dermot Mulligan, Museum Curator; Museum Board Members Cllr. Walter Lacey, Noreen Whelan & Seamus Murphy.

Royal Society of Antiquaries of Ireland tour to County Carlow

On Saturday April 4th the Royal Society of Antiquaries of Ireland (RSAI) paid a special visit to County Carlow as part of their 160th anniversary celebrations and as a return visit for the Carlow Local Authorities support for their "Rubbing Shoulders with the Dead" Exhibition. The theme of the tour was based around Carlow native Philip Doyne Vigors who was the RSAI vice President in 1895.

The tour group were introduced to the area by Martin Nevin, Chairman of the Board of Carlow County Museum. He began the tour in the Garden of Remembrance in Leighlinbridge where a number of important organisations and individuals are commemorated. The tour passed by Holloden estate at the Royal Oak which is the location from where Philip Doyne Vigors founded and coordinated the "Association for the Preservation of the Memorials of the Dead", a national organisation which published graveyard and headstone inscriptions. A special visit to Burgage Estate, the main estate of the Vigors Family in County Carlow until 1978, was facilitated by present owners Victor and Elizabeth Connolly.

Members of the Royal Society Of Antiquaries standing of the steps of Burgage House, Leighlinbridge with owner Victor Connolly and family.

The tour concluded with a visit to St. Laserian's Cathedral at Old Leighlin, Carlow's oldest working building. Here Rev. Gordon Wynne, Dean of Old Leighlin met the group at the Holy Well before bringing the group around the Cathedral. The Church has close associations to the Vigors Family and of particular interest to the RSAI was the carved oak episcopal chair which was presented in 1906 by the widow and daughter of Philip Doyne Vigors.

The Royal Society of Antiquaries of Ireland visit to County Carlow was coordinated by Carlow County Museum.

Heritage Week 2009

Heritage Week 2009 ran from Saturday 22nd to Sunday 30th August inclusive. For the fifth year Carlow County Museum, on behalf of Carlow Local Authorities coordinated the countywide publicity on the various events for Heritage Week. This included the placement of advertisements in the local media as well as issuing press releases for newspapers and radio bulletins. A brochure containing a list of the various events was published and circulated. A detailed listing of the various events appeared on the Local Authorities website. The Museum in partnership with Ms Dearbhala Ledwidge, Kilkenny Heritage Officer organised a joint radio campaign on KCLR 96FM. Approximately thirty events took place throughout the county organised by a variety of groups and organisations.

Carlow GAA 125th Anniversary Exhibition

The highlight of Heritage Week was the Carlow GAA 125th Anniversary Exhibition held in Dr. Cullen Park and officially opened by Mr. Christy Cooney, Uachtarán Cumann Luthcleas Gael on 22nd August 2009. The exhibition was presented by the Coiste Chontae Ceatharloch C.L.G in association with Carlow County Museum & the Carlow Historical & Archaeological Society. All the County Associations (Camogie, Ladies Football, Handball, Rounders & Scor) along with the clubs were involved in this major exhibition of photographs, trophies, medals, cups, programmes & memorabilia. Many of the trophies, medals and minute book had not been on display for some time.

Such was the interest in the exhibition that it remained open for two days after Heritage Week and more than 1,500 people visited. Dermot Mulligan and Tommy Murphy, County PRO were joint coordinators.

Pictured at the exhibition launch (L to R), Pat Deering, Chairman Co. Board; Tommy O'Neill, Co. Secretary; Seamus Murphy, C.H.A.S.; Karen Walshe, Fine Framing; Christy Cooney, Uachtarán Cumann Luthcleas Gael; Cllr. Michael Doran, Cathaoirleach of Carlow County Council; Dan Carbery, President of C.H.A.S.; Tommy Murphy, Co. PRO & Dermot Mulligan, Museum Curator, Carlow County Museum

Carlow Historical & Archaeological Society

BORD IARSMALANN CONTAE CHEATHARLACH

Iarsmalann Contae Cheatharlach

AN 3ú TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2009

Cumann Lúith-Cleas Gaedheal

CLÁR OIFIGEAMHAIL

ALL-IRELAND
FOOTBALL CHAMPIONSHIP
SEMI-FINAL

i bPáirc an Chrócaigh,
27 – 8 – 1944

CEATHARLACH
v.
CIARRAIDHE

ar a 3.30 a clos

Luach - 2p

Pádraig Ó Caoimh
Rúnaidhe.

Cló-Oifig Uí Caoimh, Cra., Baile Átha Cliath.

Nollaig 2009

Carlow County Museum

Comhaltaí Bhord Mhúsaem Contae Cheatharlach

Comhaltaí Chomhairle Baile Cheatharlach:
An Clr. John Cassin, An Clr. Rody Kelly agus An Clr. Walter Lacey

Comhaltaí Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach:
Seamus Murphy, Uas., Martin Nevin, Uas., (Cathaoirleach)
agus Nóirín Uí Fhaoláin

Ainmnithe ag an mBainisteoir Contae:
Joe Watters, Uas., Cléireach an Bhaile

Rúnaí an Bhoird:
Diarmuid Ó Maologáin, Uas., Coimeádaí Músaeim

LOCAL AUTHORITY MUSEUMS' NETWORK
Comhalta de Líonra Mhúsaeim na nÚdarás Áitiúil (L.M.Ú.Á.)

Clúdach Tosaigh: Grianghraif de chlúdach na gClár do dhá Chluiche Leathcheannais na hÉireann sa Pheil, 1944 a cheannaigh Músaem Contae Cheatharlach le cabhair ó Chomhairle Baile Cheatharlach, Coiste Chontae Cheatharlach den C.L.G., Cairde C.L.G. Cheatharlach agus Cumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach.

Bord an Mhúsaeim:

Is í seo an tríú Tuarascáil Bhliantúil de chuid Bhord Mhúsaem Contae Cheatharlach. Seachtar comhaltaí atá ar an mBord, triúr atá ina gComhaltaí ar Chomhairle Baile Cheatharlach, triúr ionadaithe thar ceann Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach (CSSC) agus duine amháin atá ainmnithe ag an mBainisteoir Contae. Is é Coimeádaí Mhúsaem Contae Cheatharlach atá ag gníomhú mar Rúnaí ar an mBord.

Tháing an Board le chéile trí huaire sa bhliain 2009. Roghnaítear an Cathaoirleach as triúr Comhaltaí na Comhairle Baile agus triúr ionadaithe an CSSC. Mar atá socraithe, déantar uainíocht go bliantúil ar phost an Chathaoirligh is é sin idir Chomhaltaí na Comhairle Baile agus ionadaithe CSSC. Toghadh Martin Nevin ina Chathaoirleach ag CCB na bliana 2008.

Foirgneamh an Mhúsaeim Nua:

Tosófar ar an obair thógála ar an Músaem Contae nua i Márta na bliana 2010 agus is tréimhse deich mí atá leagtha amach di.

Is í seo a leanas an fhoireann deartha don tógáil
Innealtóirí Struchtúr: Bowe Consulting Engineers, Baile Cheatharlach
Suirbhéirí Cainníochta: McCullagh, Lupton, Quinn, Cathair Cill Chainnigh
Conradh Meicniúil agus Leictreach: Doyle Environmental, Iolard/Ullard, via An Bhuiríos

Cuireadh deich (10) gcomhlacht ar an ngearrliosta don phríomhchonradh agus is é an 5^{ú} Feabhra, 2010 an dáta is déanaí le tairiscintí a bheith istigh.

Cuireadh amach na tairiscintí don chonradh Meicniúil agus don chonradh Leictreach ar leithligh agus beidh na conraitheoirí ar an suíomh in éineacht leis an bpríomhchonraitheoir.

Beidh Ard-Mhúsaem na hÉireann agus Fáilte Ireland ina gcomhpháirtithe i dteannta le hÚdaráis Áitiúla Cheatharlach i bhfeidhmiú an Mhúsaeim Contae. Féadfaidh Stiúrthóir an Ard-Mhúsaeim Músaeim Contae a ainmniú chun ábhar/fríotha seandálaíochta a bhailiú agus a chur ar taispeáint agus, is fiú a lua go gcuirfear déantáin seandálaíochta a dtángthas orthu i gContae Cheatharlach ar taispeáint i gCeatharlach nuair a bheidh Músaem Contae Cheatharlach ar oscailt. Maidir le Fáilte Ireland tá socruithe déanta faoina mbeidh an Oifig Eolais do Thurasóirí ag feidhmiú mar áit fáiltithe don Mhúsaem.

Lá Líonra Mhúsaeim na nÚdarás Áitiúil, 2009

Ba é an Déardaoin, 21ú Bealtaine an chéad Lá tionóil a bhí ag Líonra Mhúsaeim na nÚdarás Áitiúil (LMÚÁ). Ba é an Clár do Chluiche Leathcheannais na hÉireann sa Pheil idir Ceatharlach agus Ciarraí sa bhliain 1944 an príomhní a bhí i dtaispeántas Mhúsaem Contae Cheatharlach. Cheannaigh Músaem Contae Cheatharlach Cláir

Chluichí 1944 (cláir oifigiúla agus neamhoifigiúla) le cabhair ghnaíúil ó Chomhairle Baile Cheatharlach, Coiste Chontae Cheatharlach den C.L.G., Cairde C.L.G. Cheatharlach agus Cumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach.

Grianghraf: John Courtney Photography

An Clr. Tom O'Neill, Cathaoirleach Chomhairle Baile Cheatharlach ag bronnadh cóip i bhfráma de Chlár Chluiche Leathcheannais na hÉireann sa Pheil, 1944 ar an Uas. Pat Deering, Cathaoirelach Coiste Chontae Cheatharlach den C.L.G. I láthair freisin bhí (C go D) Joe Watters, Cléireach an Bhaile; Dan Carbery, Uachtarán CSSC; Martin Nevin, Cathaoirleach Bhord an Mhúsaeim, Diarmuid Ó Maologáin, Coimeádaí an Mhúsaeim; Na Comhaltaí Boird, an Clr. Walter Lacey, Nóirín Uí Fhaoláin agus Seamus Murphy.

Turas Chumann Ríoga Ársaíochta na hÉireann ar Chontae Cheatharlach

An Satharn, an 4ú Aibreán thug Cumann Ríoga Ársaíochta na hÉireann (CRÁÉ) cuairt speisialta ar Chontae Cheatharlach mar chuid dá cheiliúradh ar an 160ú bliain ó bunaíodh é agus mar chomaoin ar Údaráis Áitiúla Cheatharlach as a dtacaíocht do thaispeántas an chumainn*, "Rubbing Shoulders with the Dead".* Bunaíodh an téama don turas ar an obair a bhí déanta ag Philip Doyne Vigors de bhunadh Cheatharlach a bhí ina Leas-Uachtarán ar CRÁÉ sa bhliain 1895.

Chuir Martin Nevin, Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Contae Cheatharlach an bhuíon a bhí ar an turas ar an eolas faoin áit. Chuir sé tús leis an turas sa Ghairdín Cuimhneacháin i Leithghlinn an Droichid mar a bhfuil leaca i gcuimhne ar líon áirithe eagraíochtaí tábhachtacha agus daoine mór le rá. Chuaigh an bhuíon thar Eastát Holloden sa Dair Ríoga, an áit ónar bhunaigh agus ónar chomhordaigh Philip Doyne Vigors an "*Association for the Preservation of the Memorials of the Dead",* eagraíocht náisiúnta a d'fhoilsigh inscríbhinní a bhí i reiligí agus ar leaca uaighe. Shocraigh Victor agus Elizabeth Connolly, úinéirí reatha Eastát Burgage, an príomheastát a bhíodh ag Muintir Vigors i gContae Cheatharlach go dtí 1978, go bhféadfaí cuairt speisialta a thabhairt ar an áit.

Baill den Chumann Ríoga Ársaíochta ina seasamh ar chéimeanna Theach Burgage, Leithghlinn an Droichid, in éineacht leis an úinéir, Victor Connolly, agus a chlann.

Tugadh an turas chun críche leis an gcuairt ar Ard-Eaglais Molaise i Seanleithghlinn, an foirgneamh is sine i gCeatharlach atá in úsáid go fóill. Bhuail an tOir. Gordon Wynne, Déan Sheanleithghlinne leo ag an Tobar Beannaithe agus thug sé ar a dturas ar an Ard-Eaglais iad ansin. Tá dlúthbhaint ag an Eaglais le Muintir Vigors agus chuir CRÁÉ spéis faoi leith i gcathaoir an easpaig, cathaoir atá snoite as an dair agus ar bhronn baintreach agus iníon Philip Doyne Vigors ar an Eaglais í sa bhliain 1906.

Ba é Músaem Contae Cheatharlach a chomhordaigh cuairt Chumann Ríoga Ársaíochta na hÉireann ar Chontae Cheatharlach.

Seachtain na hOidhreachta 2009

Ba í an tseachtain ón Satharn 22ú Lúnasa go dtí an Domhnach an 30ú Lúnasa, agus an dá lá sin san áireamh Seachtain na hOidhreachta 2009. Ba í seo an cúigiú bliain a ndearna Músaem Contae Cheatharlach an bholscaireacht do na himeachtaí éagsúla a bhí ar siúl i Seachtain na hOidhreachta a chomhordú sa chontae thar ceann Údaráis Áitiúla Cheatharlach. Áiríodh leis sin na fógraí a cuireadh sna meáin áitiúla chomh maith le preaseisiúintí chuig na nuachtáin agus feasacháin raidió. Foilsíodh agus scaipeadh bróisiúr ina raibh liosta de na himeachtaí éagsúla. Bhí liosta mionsonraithe de na himeachtaí éagsúla ar shuíomh gréasáin na nÚdarás Áitiúil. D'eagraigh an Músaem comhfheachtas raidió ar KCLR 96FM i gcomhpháirtíocht le Dearbhala Ledwidge, Uas.,

ifigeach Oidhreachta Chill Chainnigh. Bhí thart ar thríocha imeacht ar siúl ar fud an chontae agus bhí siad sin eagraithe ag grúpaí agus ag eagraíochtaí éagsúla.

Taispeántas Chomhaireamh an 125ú bliain ag CLG Cheatharlach

Ba é Taispeántas Chomhaireamh an 125ú bliain ag CLG Cheatharlach a bhí ar siúl i bPáirc an Chuilinnigh agus ar oscail an tUas. Christy Cooney, Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael é an 22ú Lúnasa, 2009 buaicphointe Sheachtain na hOidhreachta. Chuir Coiste Chontae Cheatharlach den CLG an taispeántas i láthair i gcomhar le Músaem Contae Cheatharlach agus le Cumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach. Bhí baint ag Cumainn uile an Chontae (Camógaíocht, Peil na mBan, Liathróid Láimhe, An Cluiche Corr agus Scór) chomh maith leis na clubanna leis an mórthaispeántas seo de ghrianghraif, trófaithe, boinn, coirn, cláir agus cuimhneacháin. B'iomaí trófaí, bonn agus leabhar miontuairiscí nach raibh ar taispeáint le scaitheamh roimhe sin.

Léiríodh an oiread sin spéise sa taispeántas gur fágadh ar oscailt é go ceann dhá lá tar éis Sheachtain na hOidhreachta agus gur thug breis is 1,500 duine cuairt air. Ba iad Diarmuid Ó Maologáin agus Tommy Murphy, OCP an Chontae an bheirt a rinne an obair chomhordaithe i bpáirt.

Sa phictiúr ag seoladh an taispeántais tá (C go D), Pat Deering, Cathaoirleach Bhord an Chontae; Tommy O'Neill, An Rúnaí Contae; Seamus Murphy, CSSC; Karen Walshe, Fine Framing; Christy Cooney, Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael; an Clr. Michael Doran, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach; Dan Carbery, Uachtarán CSSC; Tommy Murphy, OCP an Chontae agus Diarmuid Ó Maologáin, Coimeádaí Músaeim, Músaem Contae Cheatharlach.